

Cur Chuige EDTL do Mhic Léinn: Ag pleanáil don fhoghlaim éifeachtach le linn Covid-19

Comhairle ó fhoireann EDTL (dírithe ar mhic léinn, forbartha ag mic léinn)

Bí eagraithe



- Bain úsáid as féilire ar líne chun súil a choinneáil ar dháta dílte aistí agus léachtaí scidealaitha.
- Bí ag faire go rialta ar do chuntas ríomhphoist ollscoile agus ar do thimpeallacht fhíorúil foghlama le cinntiú go bhfuil an t-eolas is deirneaf agat maidir le do chúrsa.
- Má tá do chuid léachtaí réamhthairfeadta, féach orthu ar bhonn rialta agus ná lig dóibh carnadh suas ar feadh roinnt seachtainí.
- Cruthaigh plean seachtainiúil chun struchtúr a chur ar do chuid foghlama ar líne. Cinnteoidh sé seo nach dtífidh tú siar i do chuid oibre agus beidh sé níos soiléire duit cén obair atá romhat féin gach seachtain. Bíonn ualach oibre lánaimseartha i gceist ag a lán cúrsaí tríú leibhéal agus mar sin, bí ag súil le go leor ama a chaitheamh ar obair an chúrsa i rith na seachtaine.

Coinnigh i dteagmháil



- Déan teagmháil le do chuid léachtóirí ar ríomhphost nó laistigh de na huaireanta oifige fíorúla atá acu. Bíonn léachtóirí sásta scéala a fháil ó mhic léinn a bhfuil ceist ar bith acu agus is iondúil go mbíonn sonraí teagmhála na léachtóirí ar fáil ar leathanach tosaigh an chúrsa (ar líne) nó cuirfead ar fáil duit iad i rith na chéad léachta.
- Bealach iontach le foghlaim is ea grúpaí staidéir a chruthú le do chairede! D'fhéadfadh sibh ceisteanna a chur ar a chéile agus topaicí a mhíniú eadraibh, chomh maith le plé agus píartheagasc a dhéanamh ar ábhar an chúrsa. Is bealaí maitha iad seo chun bheith ag foghlaim.

Tabhair aire duit féin



- Glac sosanna. Tá a fhios againn go léir go pointe áirithe, go mbíonn gá le scíth a ligean i ndiaidh tréimhse ama áirithe. Má táimid dírithe ar an ábhar áfach, is minic go ndéantar dearmad ar shos a thógáil. Déan iarracht cloí leis an struchtúr seo a leanas go bhfeicfidh tú an chaoi a n-aireoidh tú: do gach 30 nóiméad a chaitheann tú i mbun staidéir, glac sos 10-15 nóiméad chun teacht chugat féin. Tá seisiúin ghearra staidéir níos éifeachtaí agus bainfidh tú níos mó tairbhe as do chuid ama staidéir.
- Ith bia folláin agus bí ag ól uisce go rialta. Tá sé tábhachtach go mbíonn cothú maith i do chuid bia. Ná déan dearmad ar do dhóthain uisce a ól (agus gan an iomarca caife nó deochanna fuinnimh a ól), agus cloigh le haiste bhia atá réasúnta sláintiúil.

Bain úsáid as teicneolaíocht



- Is féidir úsáid a bhaint as bogearraí taighde chun a bheith níos táirgiúla, cosúil le cláracha a chuireann cosc ar shuíomhanna gréasáin a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ort (cosúil leis na meáin shóisialta) fad agus atá tú i mbun staidéir.
- Is féidir uirlisí ar líne, cosúil le MS Office 365 a úsáid chun nótaí agus acmhainní áisiúla a roinnt le mic léinn eile go héasca.
- Bíodh cur amach agat ar thimpeallacht fhíorúil foghlama na hollscoile. Tá go leor treoirleabhar ar fáil ar líne a chabhroídh leat dul i dtáthí ar an timpeallacht foghlama atá in úsáid ag d'ollscoil.



Socraigh do spás oibre



- Aimsigh spás ciúin le solas geal ann, chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim ar líne.
- Úsáid téacsleabhair mar sheastán chun do scáileán a chrochadh ag leibhéal na súil, rud a laghdóidh aon bhrú nó stangadh ar do mhúineál.
- Is geall le scíth é an suíomh oibre atá agat a athrú ó am go chéile, fiú más turas go dtí leabharlann an choláiste atá i gceist (má tá sé sábháilte sin a dhéanamh), d'fhéadfadh sé maitheas a dhéanamh duit.

Bí ag súil le go gcuirfead isteach ort



- Labhair le baill an teaghlaigh faoi na riachtanais atá agat maidir le húsáid an idirlín le haghaidh léachtaí beo, agus iarr orthu fanacht glan amach ó sheirbhís atá dian ar an mbandaleithead i rith na n-amanna sin.
- Breac síos sonraí teagmhála do léachtóirí ar fhaitíos go mbeadh deacrachtaí teagmhála agat mura mbeifé in ann tasc a leagan isteach nó freastal ar léacht.

Déan iarracht teacht isteach ar an saol ar líne



- Má thugann do chúrsa deis duit dul isteach i ngrúpaí beaga ar líne chun bheith ag comhrá go réchúiseach le mic léinn eile, déan iarracht freastal ar a leithéid go rialta ionas nach mbráithfidh tú scoite amach ó dhaoine eile.
- D'fhéadfadh sé a bheith an-tarraingteach mar rogha fanacht i do thost i rith léachtaí ar líne, ach déan iarracht a bheith rannpháirteach sna léachtaí má thugtar cead cainte duit. Is bealach iontach é seo le cinntiú go dtuigeann tú an t-ábhar agus go bhfreagrófar do chuid ceisteanna. Is féidir leat an fóram comhrá a úsáid má tá drogall ort labhairt os ard.